CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/762 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2021

maidir le síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht a rinne Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann lena gceadaítear táirgí bithicídeacha ina bhfuil própán-2-ól a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a n-úsáid mar tháirgí sláinteachais don duine i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra dó faoi dhoiciméad C(2021) 3127)

(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha [1] a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid, agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 55(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2020, ghlac Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann ("an t-údarás inniúil") cinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 lena gceadaítear táirgí bithicídeacha ina bhfuil própán-2-ól a chur ar fáil ar an margadh agus lena gceadaítear a n-úsáid mar tháirgí sláinteachais don duine go dtí an 16 Márta 2021 ("an ghníomhaíocht"). Chuir an t-údarás inniúil an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát eile ar an eolas faoin ngníomhaíocht agus faoin údar a bhí léi, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 55(1) den Rialachán sin.

(2) De réir na faisnéise a chuir an t-údarás inniúil ar fáil, bhí gá leis an ngníomhaíocht chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) dífhabhtáin láimhe de bhunús alcóil a úsáid mar bheart coisctheach i gcoinne leathadh COVID-19, ina rogha mhalartach ar lámha a ní le gallúnach agus uisce.

(3) An foirmliú a mhol EDS atá bunaithe ar phrópán-2-ól, is é própán-2-ól atá ina shubstaint ghníomhach ann. Tá própán-2-ól formheasta lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 1 (sláinteachas an duine) mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) Ó thosaigh ráig phaindéim COVID-19, tá éileamh an-ard ar tháirgí dífhabhtúcháin in Éirinn, rud a d'fhág go raibh ganntanas soláthair nach bhfacthas a leithéid cheana maidir leis na táirgí sin ar mhargadh na hÉireann. Is bagairt thromchúiseach é COVID-19 don tsláinte phoiblí in Éirinn agus maidir le leathadh an víris a shrianadh tá sé ríthábhachtach dóthain táirgí dífhabhtúcháin a bheith ann.

(5) De réir choinníollacha na gníomhaíochta, na cuideachtaí a bhfuil sé beartaithe acu na táirgí sin a chur ar fáil ar an margadh, ní mór dóibh faisnéis shonrach maidir leis na táirgí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, agus déanfaidh an t-údarás cinneadh cé acu an dtabharfaidh sé cead na táirgí a chur ar fáil ar an margadh nó nach dtabharfaidh.

(6) An 5 Feabhra 2021, fuair an Coimisiún iarraidh réasúnaithe ón údarás inniúil chun síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 55(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh an iarraidh réasúnaithe ar bhonn na himní atá ann go bhféadfadh sé go mbeadh an tsláinte phoiblí i mbaol de bharr COVID-19 tar éis an 16 Márta 2021 agus é á chur san áireamh go bhfuil sé ríthábhachtach táirgí breise dífhabhtúcháin a cheadú ar an margadh chun an baol a bhaineann le COVID-19 a theorannú.

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

(7) De réir an údaráis inniúil, tá an t-éileamh ar tháirgí dífhabhtúcháin chun críocha shláinteachas an duine fós an-ard de bharr na minicíochta leanúnaí a bhaineann le COVID-19 in Éirinn.

(8) Gach cuideachta a chuir a cuid táirgí ar fáil ar an margadh faoin ngníomhaíocht, mhol an t-údarás inniúil dóibh gnáthúdarú le haghaidh na dtáirgí a lorg a luaithe is féidir chun bearnaí i margaíocht na dtáirgí a íoslaghdú. Rinne roinnt cuideachtaí iarratas ar údarú náisiúnta maidir lena gcuid táirgí. Beidh gá le tréimhse fhada ama, áfach, chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais.

(9) Ós rud é go bhfuil COVID-19 fós ina bhaol don tsláinte phoiblí agus nach féidir an baol sin a shrianadh ar bhealach leordhóthanach in Éirinn de cheal táirgí dífhabhtúcháin breise a bheith ceadaithe ar an margadh, is iomchuí cead a thabhairt don údarás inniúil síneadh ama a chur leis an ngníomhaíocht.

(10) I bhfianaise go bhfuil an ghníomhaíocht imithe in éag ó bhí an 17 Márta 2021 ann, ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith ag an gCinneadh seo.

(11) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An cead táirgí bithicídeacha ina bhfuil própán-2-ól a chur ar fáil ar an margadh agus iad a úsáid mar tháirgí sláinteachais don duine, féadfaidh Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann síneadh ama a chur leis an gcead sin go dtí an 18 Meán Fómhair 2022.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na hÉireann.

Beidh feidhm aige ón 17 Márta 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún